Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus caiteachais an Vóta don Oifig Luachála agus ar mhionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.794 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa Chomhaontú Bainistíochta Seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig lena ngabhann foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam féin. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Is éard is aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Thug an Oifig mionsonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don MAC, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Ar iarratas ón lucht ardbhainistíochta, tugadh faoi athbhreithniú ar thionchar phaindéim Covid-19 ar chórais rialaithe inmheánaigh na hoifige sa bhliain 2020. Dheimhníodh leis sin nach raibh aon mhaolú éifeachtach i gceist a mbeadh measúnú riosca díobhálach mar thoradh air á thabhairt le fios go mbeadh bearta cúiteacha de dhíth. Ós rud é nach raibh aon athrú ábhartha ann ar bheartais agus nósanna imeachta na hOifige a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais, is féidir leis an lucht ardbhainistíochta a dheimhniú, i ndáil leis an mbliain chuntasaíochta 2021, go bhfuil staid na bliana 2020 maidir leis an ngá le bearta cúiteacha fós bailí.

**Colm Lavery**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Oifig Luachála

8 Meán Fómhair 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 16 An Oifig Luachála

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Seirbhís Luachála Stáit a sholáthar | 16,033 | 11,420 | 9,654 |
| B | Seirbhís riaracháin don Bhinse Luachála | 1,546 | 710 | 628 |
| **Ollchaiteachas** | | **17,579** | **12,120** | **10,282** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,283** | **953** | **895** |
| **Glanchaiteachas** | | **16,296** | **11,177** | **9,387** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán nó cuid d’aon leithreasaí neamhchaite do sholáthar chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €325,000 de leathreasaí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta ar aghaidh go dtí an bhliain 2022 (nóta 6.2).

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 5,118,765 | 6,966,869 |
| Géilleadh iarchurtha | (325,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,793,765** | **6,966,869** |

**Colm Lavery**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

8 Meán Fómhair 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 1,411 | 736 |
| Pá | | 8,219 | 7,843 |
| Neamhphá | | 2,500 | 1,703 |
| **Ollchaiteachas** | | **12,130** | **10,282** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 953 | 895 |
| **Glanchaiteachas** | | **11,177** | **9,387** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (680) | | |
| Dímheas | 23 | (657) | 28 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 454 | | |
| Méadú ar stoc | — | 454 | (155) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **10,974** | **9,260** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,223 | 5,504 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,197** | **14,764** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 16 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,778 | 4,076 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,408 | 1,411 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 16 | 17 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 21 | — |
| | | **6,223** | **5,504** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 716 | 40 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 771 | 238 |
| Stoic | | 21 | 21 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 143 | 159 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 16 | 23 |
| Ioncam fabhraithe | | 14 | 303 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | — | 51 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **965** | **795** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 267 | 94 |
| Ioncam iarchurtha | | 162 | 186 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 484 | 312 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 303 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,216** | **592** |
| **Glandliteanais reatha** | | (251) | 203 |
| **Glansócmhainní** | | **465** | **243** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **465** | **243** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 991 | 430 | — | 1,421 |
| Coigeartuithe [a] | (33) | (148) | — | (181) |
| Breiseanna | — | — | 680 | 680 |
| Diúscairtí | (133) | — | — | (133) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 825 | 282 | 680 | 1,787 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 951 | 430 | — | 1,381 |
| Coigeartuithe [a] | (52) | (148) | — | (200) |
| Dímheas don bhliain | 23 | — | — | 23 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (133) | — | — | (133) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 789 | 282 | — | 1,071 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **36** | **—** | **680** | **716** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 40 | — | — | 40 |

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe sin le míreanna faoi leith a bhfuil luachanna faoi bhun €10,000 acu a bhaint ón gclár sócmhainní de réir chiorclán 21/2020: *Méadú ar luach na tairsí chun sócmhainní a chur ar áireamh sa chlár sócmhainní*. Léiríodh sa mhéid sin freisin ceartúchán ar luachanna stairiúla chun bheith i gcomhréir leis an gclár sócmhainní seasta.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 720 | 126 |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 51 | 112 |
| | **771** | **238** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht bogearraí | 123 | 129 |
| Riarachán | 10 | 20 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 10 | 10 |
| | **143** | **159** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe pas taistil | 12 | 9 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 4 | 14 |
| | **16** | **23** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht agus seirbhísí TF | 73 | 15 |
| Caiteachais riaracháin | 47 | 79 |
| Costais dlí | 147 | — |
| | **267** | **94** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 107 | 100 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 21 | 20 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 71 | 73 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 226 | 69 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 25 | 23 |
| | 451 | 286 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 27 | 25 |
| Dliteanais ilghnéitheacha | 6 | 1 |
| | **484** | **312** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 4,794 | 6,967 |
| Géilleadh iarchurtha | 325 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,816) | (7,018) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **303** | **(51)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 771 | 238 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 16 | 23 |
| | 787 | 261 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (451) | (286) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (33) | (26) |
| | (484) | (312) |
| | **303** | **(51)** |

## 2.8 Cuntas maoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 243 | 265 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 16,296 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (325) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,794) | | |
| Glanvóta | | | 11,177 | 9,387 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 6,223 | 5,504 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil | | | 19 | (149) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (17,197) | (14,764) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **465** | **243** |

## 2.9 Ceangaltais [a]

| **Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---:|---:|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 2,750 | 1,161 |
| Tionscadail chaipitil | 10,068 | — |
| | **12,818** | **1,161** |

**a) Mórthionscadail chaipitil**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020** | **Caiteachas in 2021** | **Ceangaltais tonscadail i mbliana ina dhiaidh sin** | **Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021** | **Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020** |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tionscadal AXIA [b] | — | 680 | 10,068 | 10,748 | — |
| | **—** | **680** | **10,068** | **10,748** | **—** |

Nóta

[a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuireadh an fhreagracht as an mBinse Luachála ar aghaidh chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht.

[b] Is tionscadal bunathraithe gnó é Tionscadal AXIA atá dírithe ar an gcumas a sholáthar chun gníomhaíochtaí na hOifige Luachála a bhainistiú ó thús go deireadh, rochtain gan bhriseadh a sholáthar do gheallsealbhóirí, éifeachtúlacht na foirne a fheabhsú agus cead a thabhairt don Oifig Luachála luachálacha maoine tráchtála atá cóir, cothrom agus comhsheasmhach a sholáthar. Áireofar sa chóras bainistíocht cásanna agus cumas bainistithe sreabhadh oibre chomh maith le modúl costála atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí.

Cuireadh tús leis an obair ar an tionscadal sa bhliain 2021 agus táthar ag súil go dtabharfar an obair chun críche i dtús na bliana 2023.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,868 | 8,219 | 7,843 |
| ii | Taisteal agus cothú | 271 | 125 | 101 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,064 | 438 | 433 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 105 | 85 | 70 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 3,977 | 1,707 | 931 |
| vi | Costais áitribh oifige | 161 | 107 | 70 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 60 | 38 | 99 |
| | | **14,506** | **10,719** | **9,547** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €271,000; toradh €125,000*

Tháinig laghdú €146,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe chun cinn go príomha mar gheall ar an leithdháileadh €111,000 ar an mBinse Luachála gan a bheith caite mar nach raibh siad in ann éisteachtaí ‘i bpearsa’ a reáchtáil le linn na bliana 2021. Caitheadh €35,000 níos lú ná mar a bhí beartaithe den leithdháileadh €160,000 ar an Oifig Luachála mar nach raibh oifigigh in ann taisteal ar feadh ceithre mhí le linn na bliana mar thoradh ar shrianta Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.064 milliún; toradh €438,000*

Tháinig laghdú €626,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus speansas teagmhasach mar gheall gur caitheadh €550,000 níos lú ná mar a bhí beartaithe den leithdháileadh €700,000 ar an mBinse Luachála chun táillí na gcomhaltaí a chlúdach mar gheall go raibh laghdú ann i líon na n-éisteachtaí a reáchtáladh le linn na bliana 2021.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €3.977 milliún; toradh €1.707 milliún*

Tháinig laghdú €2.27 milliún ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha chun cinn mar gheall nár caitheadh ina hiomláine an ghné chaipitil den leithdháileadh seo mar go raibh moill níos faide ná an dáta tosaigh a bhí beartaithe ar thús a chur leis an gconradh leis an soláthraí seachtrach don tionscadal AXIA. Caitheadh €1.087 milliún den tsuim €3.25 milliún le linn na bliana 2021. Tabhófar iarmhéid an chaiteachais réamh-mheasta sna blianta 2022 agus 2023.

## Clár A Seirbhís luachála Stáit a sholáthar

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000<br>€000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 8,461 | 7,783 | 7,535 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 4,499 | 2,226 | 1,383 |
| A.3 | Táillí abhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 12 | 84 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 3,000 | 1,399 | 652 |
| | | **16,033** | **11,420** | **9,654** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.613 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús).

**A.2 Riarachán - neamhphá**

*Soláthar meastacháin €4.499 milliún; toradh €2.226 milliún*

Tháinig an t-easnamh €2.273 milliún i gcaiteachas chun cinn go príomha mar gheall nár caitheadh ina iomláine an leithdháileadh caipitil ar an tionscadal AXIA.

**A.4 Tionscadail náisiúnta athluachála**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €1.399 milliún*

Bhí easnamh €1.601 milliún i gcaiteachas mar gheall nach raibh an soláthraí seirbhíse seachtrach le haghaidh seirbhísí athbhreithnithe in ann spriocdhátaí comhaontaithe an chonartha a chomhlíonadh de dheasca shrianta Covid-19.

## Clár B Seirbhís Riaracháin don Bhinse Luachála

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 407 | 436 | 309 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,139 | 274 | 319 |
| | | **1,546** | **710** | **628** |

Nóta Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuireadh an fhreagracht as an mBinse Luachála ar aghaidh chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €836,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús).

**B.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin €1.139 milliún; toradh €274,000*

Tháinig an laghdú €865,000 ar chaiteachas chun cinn go príomha mar gheall nach raibh an Binse Luachála in ann na héisteachtaí a bhí beartaithe a reáchtáil ‘i bpearsa’ de dheasca shrianta Covid-19. Léirítear é sin sa tearc-chaiteachas suntasach maidir le taisteal agus cothú agus le táillí na gcomhaltaí araon.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | 40 | 50 | 45 |
| 2 | Deimhnithe luachála | 120 | 94 | 86 |
| 3 | Táillí athbhreithnithe luachála | 800 | 550 | 528 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 8 | 7 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 258 | 251 | 229 |
| | **Iomlán** | **1,283** | **953** | **895** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €330,000 níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**3 Táillí athbhreithnithe luachála**

*Meastachán €800,000; réadaithe €550,000*

Bhí easnamh €250,000 i gceist mar gheall ar theacht in éifeacht na rialachán in I.R. Uimh. 437 de 2021 ón 1 Meán Fómhair 2021, rud lenar cuireadh deireadh leis an gceanglas a bhí ar údaráis áitiúla chun táille a íoc as toradh gach cáis athbhreithnithe a rinneadh ar a son.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Coibhéisí lánaimseartha | **139** | **146** |

### 5.2 Pá

| **Luach saothair fhoireann na hOifige** | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Pá | 7,432 | 7,117 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 88 | 77 |
| Liúntais eile | 15 | 14 |
| Ragobair | 2 | 2 |
| ÁSPC an Fhostóra | 682 | 633 |
| **Pá iomlán** | **8,219** | **7,843** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | — | 7,911 | 8,994 |
| Ragobair | 2 | — | 2,449 | 2,874 |
| Liúntais eile | 3 | — | 5,048 | 2,477 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 7,496 | 7,479 |

## 5.4 Comhaontuithe eile luacha saothair

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €80,190. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Ard-Rúnaí, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €136,652. Bhí an tOifigeach Cuntasaíochta ag fónamh i gcáil ghníomhach eatramhach. B’ionann agus €154,775 tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta roimhe ag an 31 Nollaig 2020.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain** [a]

| | Éilimh a rinne | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2021** | **2020** |
| Líon na gcásanna | — | 12 | 12 | 10 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | — | — | — |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn agus a rinneadh ar a son | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | — |
| Costais dlí | — | 8 | 8 | 81 |
| Costais eile | — | 4 | 4 | 3 |
| **Iomlán 2021** | **—** | **12** | **12** | **84** |
| Iomlán 2020 | — | 10 | 84 | |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, ní raibh aon éileamh gan réiteach ann.

### 6.2 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €325,000 ón mbliain 2021 i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn chuig an mbliain 2022.

| | | €000 |
|---|---|---|
| A.2 | An Oifig Luachála - Riarachán - neamhphá | 300 |
| B.2 | An Binse Luachála - Riarachán - neamhphá | 25 |
| | | **325** |

Nóta Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuireadh an fhreagracht as an mBinse Luachála ar aghaidh chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht.

## 6.3 Cumasc

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, glacadh cinneadh Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc. Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcumasc sin.

Is iad an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta atá freagrach as an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus is ise atá freagrach as bunú Thailte Éireann. Bhí an Bord Tionscail ag obair i dtreo plean mionsonraithe a fhorbairt chun an t-eintiteas nua a bhunú, agus an bonneagar riachtanach don eagraíocht nua a phleanáil agus a dhearadh. Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag cur treoir agus tacaíocht ar fáil don Bhord Tionscail maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcumasc.

Ag a chruinniú an 22 Nollaig 2020, cheadaigh an Rialtas an scéim ghinearálta den Bhille um Thailte Éireann agus chomhaontaigh sé gur cheart d'Oifig an Ard-Aighne tabhairt faoi dhréachtú foirmiúil an Bhille é féin. Tugadh faoi ghrinnscrúdúchán réamhreachtúil maidir leis an reachtaíocht bheartaithe sa bhliain 2021. Cheadaigh an Chomh-aireacht Clár Reachtaíochta an Earraigh don bhliain 2022 inar leagadh amach gealltanais reachtaíochta an Rialtais do théarma na Dála agus an tSeanaid atá le teacht. Foilsíodh an Bille um Thailte Éireann, 2022, an 6 Meán Fómhair 2022.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí socruithe cóiríochta do Thailte Éireann i bhfeidhm, le héifeacht ón ráithe deiridh den bhliain 2024. Fanfaidh na heagraíochtaí atá á gcumasc sna suíomhanna atá acu faoi láthair go dtí go mbeidh an foirgneamh nua réidh le háitiú.

Tar éis a bhunaithe, beidh Tailte Éireann freagrach as córas údarásach clárúcháin maoine, bonneagar mapála náisiúnta agus suirbhéireachta agus seirbhís luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Sa cháil sin, beidh an comhlacht ar an bpríomhfhoinse náisiúnta faisnéise maidir le maoin agus sonraí geospásúlachta agus féachfaidh sé le bheith ina eiseamláir chun seirbhísí faisnéise talún a fhorbairt agus a sholáthar.